**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2012 (24.01)**
**(OR. en)**

**5633/12**

**COMAG 4**
**PESC 79**
**COHAFA 8**
**SY 2**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Chomhairle |
| Dar dáta: | an 23 Eanáir 2012 |
| Uimh. an Doic. roimhe seo: | 5323/1/12 REV 1 COMAG 3 PESC 36 COHAFA 3 SY 1 |
| Ábhar: | an tSiria<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria, a ghlac an Chomhairle an 23 Eanáir 2012.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN tSIRIA

1. Is cúis mhór imní don Aontas Eorpach fós é an staid sa tSiria atá ag dul in olcas agus na sáruithe forleathana agus córasacha atá á ndéanamh ar chearta an duine agus iarrann sé arís go gcuirfear deireadh leis an bhforéigean láithreach bonn. Is cúis imní ar leith don AE é an foréigean a d'eascair le déanaí agus cáineann sé go láidir don athuair an brú faoi chois brúidiúil atá á dhéanamh ag rialtas na Siria agus tá an baol ann dá bharr go gcuirfear leis an bhforéigean, le hionsaithe seicteacha agus leis an míleatachas. Ní mór don Uachtarán Assad éirí as láithreach bonn i dtreo is go mbeidh aistriú síochánta agus daonlathach ann.

2. Cáineann an AE go géar na hionsaithe buama i Damascus an 23 Nollaig 2011 agus an 6 Eanáir 2012 arbh iad ba chúis lena lán básanna agus gortuithe. Is coir gan bhunús í aon gníomhaíocht sceimhlitheoireachta, beag beann ar an bhfáth atá léi agus ar an duine a rinne an ghníomhaíocht. Cáineann an AE freisin an t-ionsaí an 11 Eanáir inar maraíodh iriseoir Francach agus roinnt saoránach de chuid na Siria, agus inar gortaíodh a lán daoine eile, iriseoir ón Ísiltír ina measc. Iarrann an AE go n-aimseofaí na cúinsí na hionsaithe sin. Tá údaráis na Siria freagrach as sábháilteacht iriseoirí a áirithiú ina dtír. Ní mór go mbeadh lucht an phreasa in ann a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh, is é sin le rá faisnéis neamhspleách a chur ar fáil faoi chúrsaí sa tSiria gan faitíos roimh fhoréigean ná roimh dhiansmacht.

3. Fáiltíonn an AE roimh an rún ó Léig na nArabach an 22 Eanáir agus roimh thionscnamh na Léige tacaíocht a lorg ó CSNA le haghaidh réitigh pholaitiúil. Is cúis mhór imní don AE é an easpa comhair ó údaráis na Siria agus tá an tAontas ag impí orthu Plean Gnímh Léig na nArabach a chomhlíonadh chomh maith leis na gealltanais a tugadh ina leith sin, chun deireadh a chur ar fad leis an bhforéigean i gcoinne na sibhialtach, chun cimí polaitíochta a shaoradh, chun trúpaí, tancanna agus airm a thógáil amach as na cathracha, agus chun ligean do bhreathnóirí neamhspleácha agus do na meáin taisteal ar fud na Siria agus tuairisciú ar chúrsaí sa tSiria.

4. Meabhraíonn an AE gur thacaigh sé le hiarrachtaí Léig na nArabach deireadh a chur le timthriail an fhoréigin sa tSiria, agus le leas a bhaint as a mhisean faireacháin, lena n-áirítear trí sheomra staide de chuid Léig na nArabach a bhunú. Is díol sásaimh don AE go bhfuil na NA réidh le hoiliúint agus le cúnamh a chur ar fáil do lucht faireacháin na Léige agus spreagann sé an Léig glacadh le cúnamh ó na NA chun tacaíocht theicniúil a áirithiú

don mhisean.

5. Fáiltíonn an AE roimh an gcinneadh ó Léig na nArabach a misean breathnóireachta a fhadú agus a cumas a thuairisciú go neamhspleách maidir leis an staid mar atá sa tSiria a atreisiú. Tugann an AE dá aire an cinneadh ó Léig na nArabach Toscaire Speisialta don tSiria a cheapadh.

6. Cáineann an AE go fíorghéar na hionsaithe ar lucht faireacháin mhisean Léig na nArabach agus iarrann sé go ndéanfaí imscrúdú neamhchlaonta tapa maidir leis na himeachtaí. Ní mór go mbeadh an misean in ann gníomhú ar bhealach sábháilte agus neamhspleách agus go mbeadh rochtain aige ar na saoráidí coinneála ar fad.

7. Mar thoradh ar an úsáid leanúnach a bhaineann réimeas na Siria as foréigean i gcoinne saoránach, tá 22 duine aonair agus 8 eintiteas ainmnithe ag an AE inniu le bheith faoi réir bearta sriantacha. Leanfaidh an AE leis an mbeartas atá aige bearta sa bhreis a fhorchur i gcoinne an réimis, ní i gcoinne an daonra saoránach, a fhad a leanfaidh an cos ar bolg. Tar éis an mheasúnaithe a rinne Ballstáit an AE, déanfar liosta na ndaoine ainmnithe a dhícheangail iad féin ó bheartas diansmachtúil an réimis a athbhreithniú. Iarrann an AE ar an gcomhphobal idirnáisiúnta teacht lena iarrachtaí díriú ar na daoine atá freagrach as nó atá ceangailte le diansmacht fhoréigneach agus ar na daoine sin a thacaíonn leis an réimeas nó a bhaineann leas as.

8. Athdhearbhaíonn an AE go dtacaíonn sé go hiomlán le muintir na Siria agus spreagann sé freasúra na Siria gach iarracht a dhéanamh comhordú a neartú maidir leis an mbealach chun cinn d'fhonn athrú ordúil chuig Siria a bheadh daonlathach, cobhsaí, cuimsitheach agus ina n-áirithítear cearta na mionlach a fhíorú. Tacaíonn sé le hiarrachtaí Léig na nArabach i ndáil leis sin. Beidh an AE fós i dteagmháil le hionadaithe ó fhreasúra na Siria, amhail an CNS, a chloíonn le luachanna síochánta, cuimsitheacha agus daonlathacha.

9. Athdhearbhaíonn an AE na gealltanais láidir atá aige i leith dálaí maireachtála mhuintir na Siria atá ag dul in olcas i líon mór ceantar atá faoi thionchar na corraíola. Ní mór d'údaráis na Siria fulaingt na ndaoine a mhaireann sna ceantair sin a fhuascailt láithreach bonn, ní mór dóibh daoine gortaithe agus tinn a urramú agus a chosaint, ní mór dóibh rochtain gan bhac ar chúram leighis a áirithiú gan idirdhealú ná beart díoltais a dhéanamh agus staonadh ó imeaglú na daoine a chuireann cúnamh leighis ar fáil. Ní mór d'údaráis na Siria rochtain iomlán gan bac a cheadú do phearsanra rilíf ó eagraíochtaí daonnúla idirnáisiúnta ionas go seachadfar cabhair dhaonnúil in am trátha do dhaoine a bhfuil gá acu le cúnamh.

10. Spreagann an AE baill uile Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a gcuid freagrachtaí a ghabháil orthu féin chun deireadh a chur leis an bhforéigean i gcoinne mhuintir na Siria agus tacaíocht a thabhairt do mhuintir na Siria i ndáil leis an mian atá acu saoirse agus cearta polaitiúla a bhaint amach. Fáiltíonn an AE roimh Rapóirtéir Speisialta maidir leis an staid mar atá i leith cearta an duine sa tSiria, ar ról é a bhunaigh an Chomhairle um Chearta an Duine, agus spreagann sé Rialtas na Siria comhoibriú go hiomlán leis an Rapóirtéir. Meabhraíonn an AE príomhthorthaí na tuarascála ón gCoimisiún Neamhspleách Fiosrúcháin ina luaitear go bhféadfaí gur rinneadh coireanna i gcoinne an chine dhaonna sa tír. Tá an AE ag súil leis an gcéad díospóireacht eile a bheidh ag an gComhairle um Chearta an Duine maidir leis an tSiria an 12 Márta 2012.